C/2026/5274

9.10.2026

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2026/5274)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

ar leathanach 405, sa Nóta Míniúcháin a ghabhann le ceannteideal AC **'9405 Soilse agus feistis soilsithe lena n-áirítear soilse cuardaigh agus spotsoilse agus páirteanna díobh, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; comharthaí soilsithe, ainmchláir shoilsithe agus a leithéidí, lena bhfuil foinse soilse suite go buan, agus páirteanna díobh nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile'** *cuirtear an téacs seo a leanas isteach i ndiaidh theideal an cheannteidil:*

'Eisiatar ón gceannteideal seo earraí soilsithe atá déanta as ábhair éagsúla (e.g. gloine, miotal, plaistigh) agus atá deartha chun críoch maisiúcháin laistigh nó lasmuigh agus chun na gcríoch sin amháin. Tá siad feistithe le soilse (mar shampla, téada soilse LED, stiallacha LED) atá beartaithe chun a nádúr maisiúil a fheabhsú.

Níl na hearraí sin deartha go príomha chun seomra a shoilsiú, mar shampla (*ós rud é go bhfuil na soilse beartaithe béim a chur ar an earra maisiúil a threisiú agus go bhfuil an t-aschur solais ró-íseal chun feidhmiú mar shoilsiú feidhmiúil*) ná ní lampaí speisialaithe iad (féach freisin Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 9405, (I), (1) agus (3)).

Ba cheart earraí den sórt sin a aicmiú de réir chomhábhar na comhpháirte maisiúla, ós rud é go léirítear lena ndearadh agus lena saintréithe foriomlána go bhfuil sé beartaithe iad a úsáid go hornáideach.

I gcás earraí den sórt sin, níl láithreacht painéal gréine ábhartha lena n-aicmiú faoi cheannteideal 9405 (féach fíor 7).

Samplaí de tháirgí atá le haicmiú de réir a gcomhábhair:

Fíor 1



Fíor 2



Fíor 3



Fíor 4



([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.

Fíor 5



.tifFíor 6



Fíor 7



Fíor 8

